Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 14 Aibreán 2026
(OR. en)

7446/26

LIMITE

CORLX 289
CFSP/PESC 411
RELEX 386
COAFR 74
COARM 37
CONUN 42
FIN 440

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/2147 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/2147 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/2147 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine[1], agus go háirithe Airteagal 13 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L, 2023/2147, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2147/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2023/2147.

(2) An 24 Feabhra 2026, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1591(2005) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ('Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe'), ceathrar le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) An 5 Márta 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/531[2], lena gcuirtear an ceathrar a liostaigh Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 24 Feabhra 2026 le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 747/2014 ón gComhairle[3].

(4) Ba cheart na hiontrálacha a bhaineann leis an gceathrar a liostaigh Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 24 Feabhra 2024 a scriosadh de liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2147.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/2147 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/531 ón gComhairle an 5 Márta 2026 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 747/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin (IO L, 2026/531, 5.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/531/oj).

[3] Rialachán (AE) Uimh. 747/2014 ón gComhairle an 10 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 131/2004 agus (CE) Uimh. 1184/2005 (IO L 203, 11.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/747/oj).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2147 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2147, faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha', scriostar na ceithre iontráil seo a leanas:

13. Abdelrahim Hamdan DAGALO;

15. Elfateh Abdullah Idris ADAM;

17. Tijani Ibrahim Moussa MOHAMED;

18. Gedo HAMDAN.

PUBLIC